

RÉAMON A TÚRLA AGUS NA FLAITHBHEARTA A BHÍ I GCAISLEAN ACH NA NIÚR.

Bhí easgan a teacht ar Loch Corrib agus ní raibh aon dhuine 'ga chur i Roilig Uachtar Árd ná sí ithe. Cailleadh mathair triúr dhe Clann Dhonnachadha agus b'é Reamon an fear ab óige dh'n triúr. D'fiarfuigh Réamon dhe'n dreáthair ba sine a raibh aon misneach aige a dhul a faire a mháthar ná dhe'n darna dreáthair, dubhairt chaon dhuine acab nach raibh. "Gabhfhaidh mise ann mar sin" adeir sé agus thug sé leis a claimhe.

Chuaigh sé taobh istigh dhe'n doras a bhí dhul isteach 'sa roilig agus 'sgearr a bhí sé ann nuair a chuala sé fheadáil. Nuair a chonnaic sé an easgain a' teacht d'éist sé ariamh léithi go raibh sí taobh istigh dhe'n doras ansoin thairring sé an claimhe agus thug sé píosa dhe'n línear a bhí os cionn an dorais leis. Bhain sé an cloigeann dhe'n easgan agus d'éirigh an cloigeann agus fuair sé greim ar a línear. Thuit braon dhe'n fhuil ar mhéar Réamon agus bhain sé an mhéir dhe fhéin. D'fhan an cloigeann an sin ariamh 'sa saoghal gur thuit an tiasg dhe na cnámánaibh agus d'fhan na cnámhání i bfastughadh.

Nuair a bhí an méid sin déanta aige chuaidh sé abhaile'san ám seo bhí na Flabhartaigh a bhí i gCaisleán Ach Na Niúr a tabhairt rudaí uadh dhaoineibh eile. An lá seo thugadar beithidh ó mhuintir Reamon a Túrla. Dubhairt Réamon leis na dreatharacha go raibh sé chomh maith dóib beo nó marbh a dhul agus na Flaithbhearta fheuchaint. "Tá ceathar a'inne ann" adeir sé triúr a'inn féin agus an buachaill agus tá ceathar dhe na Flaithbhearta ann".

Chuaidh siad chomh fada leis an gCaisleán agus bhí siad taobh amuigh ag a doras agus chuala siad an mhathair agus an cailína caint taobh istigh. Chuala siad an mháthair a briseadh cnáibh agus a baint a smior aisti. "An té íosfas an fheoil" adeir sí "ní íosfaidh sé an ántraith". Níor rinne Réamonn ach an doras a bhriseadh le cloch agus ghabhail isteach "is fíor dhuit" adeir sé leis a gcailleach.

D'ionnsuigh an t-ochtar a chéile ansoin. Níor thug Réamann triáil a' bith dhe'n fhear a bhí ingreim ann féin gur mharbuigh sé é. Chuaidh sé ar thoruingheacht a' bhuachaill ansoin ar faictios go mbeadh a bhuachaill marbhuighthe. Bhí an fear abí an éudan a bhuachaill leaguighthe agus glac ar a mhuineál. Nuair a bhí an ceathar marbhughadh acab agus ansoin "níl fhios a'm" adeir Réamon leis a'tsean-bhean céard a dheanfhas muid leat-sa." "Is Cuma dhíbh" adeir sí "céard a dheanfhas sib liom mar beo nó marbh caoi a'bith a bhféudfhaidh mise mo shasamh a bhainnt dhíbh bainfidh mé dhíbh é. Mharbuigh siad ansoin í.

Nuair a bhí Réamon píosa sa mbaile ansoin chuaidh sé ar margadh na Gaillimhe lá agus nuair a bhí sé aníos ag Magh Cuilinn a' teacht abhaile tháinig bean taobh thiar shiar dhe ar a' gcapall. Nior rinne sé ach a sgian a tharringt agus í shath. "Shíl mé a Réamoinn"adeir sí "nach raibh tú chomh claidheatha agus nach dtiúbhfhá an dárna sáith uait. Thug sé sáth eile ansoin dhi agus ní dhearna sí ach é mharbhughadh ar a bpointe (níl sé ceart an dárna sáth a thabhairt dho thaibhse. Nior cheart ach aon tsáth amhain a thabhairt dhó agus an sgian fhágáil ann)

11/1/31